

Géibheann - le Caitlín Maude.

Téama:

Baineann an dán seo le frustrachas agus clastrofóibe. Is dán fáthchiallach é. Ag tús an dáin, feicimid ainmhí cumhachtach - tíogar b'fhéidir - agus í láidir, ceannasach sna teochrasa. Ach ansin a mhalairt de scéal atá ann. Tá lagsprid uirthi agus tá an t-ainmhí bocht in ísle brí. Is cuid caidése í anois don phobal. Cruthaíonn an file meafar leanúnach anseo. Seasann cruachás an ainmhí seo do shaol teoranta an fhile. Is cuimhin léi tráth dá raibh sí neamhspleách, ach anois tá sí teanntaithe ina saol. Fuair an file seo bás den ailse agus í daichead bliain d'aois. Baineann an dán leis an easpa saoirse a bhraith an file agus í go dona tinn.

Mothúcháin:

Is iad brón, frustrachas agus éadóchas na mothúcháin a mhúsclaíonn an dán seo ionam. Cuireann sé brón orm an tíogar a shamhlú i ngéibheann sa sú, agus cuireann sé brón an domhain orm an file a shamhlú agus í go dona tinn. Is léir go bhfuil sí in umar na haimléise. Tá a misneach cailte aici agus tá uirthi a crá pearsanta a láimhsiú léi féin. Tagann daoine chun féachaint uirthi, ach ní féidir leo cuidiú léi. Ní féidir leo í a ligean soar. Mothaíonn an file go bhfuil sí teanntaithe ina saol. Níl bealach éalaithe aici, ar an drochuair. Cruthaíonn an file atmaisféar an éadóchais go paiteanta. Tá trua ag an léitheoir don ainmhí, agus don fhile.

Barúl:

Is aoibhinn liom an dán seo, mar tá sé iontach go deo corraitheach. Pléann sé ábhar brónach, ach tugann sé léargas cuimsitheach dúinn ar mheon an fhile ag deireadh a saoil. Is dán dea-scríofa é, le stíl shimplí a thaitníonn leis an léitheoir. Léiríonn an file codarsnacht ghéar dúinn idir shaol a bhí lán le fuinneamh agus saoirse agus a saol anois gan faoiseamh, gan dóchas. Tá rithim ghnáthchainte le feiceáil sa dán, agus úsáideann an file friotal atá simplí, nádúrtha. Is dán casta é ina nochtar cruachás pearsanta an fhile ar dhóigh intleachtach, éifeachtach.